

Taighde Eiticiúil sa Treoirchomhairleoireacht

**An Dr. Lucy Hearne,
Roinn an Oideachais agus Staidéar Gairmiúil,
Ollscoil Luimnigh.**

*Foilsithe ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) mar alt don
Lámhleabhar Scoile um Threoir*



Clár

Achoimre	3
Eochairfhocail	3
Réamhrá	4
Saincheisteanna Eiticiúla i nDearadh Taighde	4
Rialú Eiticiúil i dTaighde Treorach.....	6
Prionsabail Eiticiúla i dTaighde Treorach.....	7
Straitéisí don Iompar Eiticiúil i dTaighde Treorach.....	9
Rúndacht a Choinneáil	9
Toiliú feasach	10
Conclúid	11
Seicliosta	11
Beathaisnéis.....	12
Tagarthaí.....	13
Institute of Guidance Counsellors (2012). Code of Ethics of the Institute of Guidance Counsellors.....	14

Achoimre

Sa phlé náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaca le polasaí treorach, tá méadú tagtha ar an ngá le taighde fianaise-bhunaithe mar bhonn le cleachtas gairmthreorach. Pléann an t-alt seo na castachtaí a bhaineann le taighde atá iontaofa ó thaobh na heitice de i ngairm na treoirchomhairleoireachta in Éirinn. Cé go ndíríonn sé go sainiúil ar ghníomhaíochtaí taighde laistigh d'earnáil na hiar-bhunscoile, tá feidhm leis na bunphrionsabail ar fud na réimsí uile de sholáthar na treorach, agus beidh luach ann do chleachtóirí atá páirteach i gcineálacha éagsúla de thaighde eimpíreach agus taighde bunaithe ar chleachtóirí. Is é an prionsabal uileghabhálach ná an fhreagracht ghairmiúil atá againn mar chleachtóirí-taighdeoirí chun dínit agus folláine ár rannpháirtithe taighde a chosaint i gcónaí.

Eochairfhocail

fiúntaseolaíocht, dualgas cúraim, prionsabail eiticiúla, marana eiticiúil, rúndacht, toiliú feasach

Réamhrá

Pléifidh an t-alt seo le saincheisteanna eiticiúla agus straitéisí ar leith a bhaineann le dearadh agus cur i bhfeidhm taighde le cliaint agus rannpháirtithe eile i réimse na treoirchomhairleoireachta. Eascraíonn eitic ón réimse i bhfad níos mó d'fhealsúnacht mhorálta a phléann le moráltacht, creidimh agus luachanna laistigh den tsochaí (McLeod, 2003; Singer, 1993). Sa taighde, glactar le heitic nó *fiúntaseolaíocht*, mar thacar de phrionsabail a threoraíonn iompar i suíomh agus atá bunaithe, de ghnáth, ar chóid chleachtais (Mertens, 2010; Robson, 2002; Thomas, 2009). Léirítear an bhéim ar nithe eiticiúla sa taighde san fhás ar an scríbhinn faoin ábhar agus ar bhunú comhlachtaí rialaitheacha agus cóid chleachtais shainiúla le blianta beaga anuas (Cohen, Mannion, & Morrison, 2011). Maidir le gairm na treorach, aibhsíonn Neary agus Hutchinson (2011, lch.43), “go bhfuil an fhorbairt ar chleachtóirí is taighdeoirí laistigh de ghairm na gairmthreorach mall agus ag forbairt i gcónaí”. Áitíonn siad go bhfuil an cleachtóir-taighdeoir riachtanach d’fhorbairt an chleachtais ghairmiúil, scileanna smaointeoireachta criticiúla agus cur chuige athmhachnamhach i dtaca le fadhbréiteach.

Tá treise curtha leis an bhforbairt ar phobal taighde treorach trí fhoilseacháin agus fóraim taighde a bhunú atá dírithe ar chleachtóirí, agus trí leabú an taighde laistigh de chlár oiliúna tosaigh ghairmiúla agus gníomhaíochtaí FGL. Ag am ina bhfuil lucht déanta polasaí go mór ag áiteamh go bhfuil gá le taighde fianaise-bhunaithe mar bhonn le seachadadh seirbhísí amach anseo (Cedefop, 2011; OECD, 2004), tá ról ríthábhachtach le himirt ag an gcleachtóir-taighdeoir chun an bhearna fiosruithe a dhúnadh idir taighde an duine amuigh (i.e. á dhéanamh ag comhlachtaí seachtracha) agus taighde an duine istigh (i.e. modhanna meastóireachta inmheánacha) chun bonn eolais teorice a fhorbairt laistigh den ghairm. Mar sin féin, ní mór don taighde treorach a bheith trédhearcach agus ní mór dó aird a thabhairt ar an gcomhthéacs ar leith, cúis leis an taighde, modheolaíocht agus modh, agus na saincheisteanna eiticiúla ag éirí as an staidéar taighde. Mar sin, ní mór do chleachtóirí-taighdeoirí iad féin a chur ar an eolas faoi na saincheisteanna eiticiúla a bhaineann le taighde a dhéanamh ina réimse sa chaoi is gur féidir breathnú ar a gcuid oibre mar obair atá inchreidte, iontaofa, agus scolártha.

Saincheisteanna Eiticiúla i nDearadh Taighde

Is iad na saincheisteanna eiticiúla a éiríonn sa taighde na cinn céanna a tharlaíonn i gcomhthéacs an chleachtais treorach, treoirchomhairleoireachta agus oideachais (Cohen et al., 2011; McLeod, 2003). D’fhonn déileáil le saincheisteanna dá leithéid, is féidir le cleachtóirí treorach déileáil le fadhbanna gairmiúla trí bhreathnú ar eitic mar phróiseas gníomhach de chinnteoireacht lánroghnach, breithiúnas machnamhach agus marana ghairmiúil (Hearne, 2009; Swain, 2006). Áitíonn Robson, Cook, Hunt, Alred, agus Robson (2000), cé go ndéantar tagairt do threoirlínte eiticiúla, prionsabail eiticiúla agus cóid chleachtais, go bhfuil cinnteoireacht eiticiúil bunaithe ar chóras luachanna an duine féin agus go mbíonn leibhéal ard de smaointeoireacht iomasach i gceist. Ina theannta sin, is príomhghnéithe den scrúdú iad stair phearsanta agus dearcadh an taighdeora, amhail inscne, cultúr, aicme, aois agus ról gairmiúil (Havercamp, 2005; Thomas, 2009).

Ní féidir nádúr casta ról an chleachtóra-taighdeora treorach i taca le rogha na bparaidímí, modheolaíochtaí agus modhanna, agus ceist na cumhachta ar fud an taighde a mheas faoina luach. Léiriú is ea aon pharaidím ar leith ar thuairim oilte a tacadóirí bunaithe ar

an gcaoi atá roghnaithe acu chun déileáil leis na saincheisteanna ointeolaíocha, eipistéimeolaíocha agus modheolaíochta atá ann (Denzin & Lincoln, 2008). Áitíonn Mertens (2010, lch.12), beag beann ar an bparaidím, “ba chóir go mbeadh eitic sa taighde ina cuid rithábhachtach den phróiseas pleanála agus forfheidhme taighde, agus nach mbreathnófaí uirthi mar athsmaoineamh nó mar ualach”.

Tá saincheisteanna modheolaíochta agus eiticiúla fite fuaite le taighde léirmhínteach san oideachas (Cohen, Mannion, & Morrison, 2007). Tá cur síos tugtha ar an gcontúirt go ndéanfadh taighde léirmhínteach (cáilitheach) “cur as do réimsí an taighde agus na hidirghabhála le himpleachtaí eiticiúla achrannacha suntasacha” (Richardson, 2005, lch.4). Cé go bhfuil, “gairmeoirí treorach oilte go háirithe in obair chaidreamhach agus ábalta taighde cáilitheach a dhéanamh lena gcliainnt agus/nó piaraí” féadfar na teorainneacha idir taighde agus idirghabháil éirí doiléir (Bimrose & Hearne, 2012, lch.343). Sa rogha de mhodheolaíochtaí taighde agus frámaí deartha, má tá feasacht ghéar le bheith ann ar na saincheisteanna eiticiúla is dócha a bheidh i gceist. ní mór grinnschrúdú cúramach a dhéanamh ag an tús agus le linn gnéithe uile an staidéir.

Is iad seo a leanas trí cinn de na príomh-mhodheolaíochtaí sa taighde oideachais agus treorach; taighde gníomhaíochta, taighde cás-staidéir agus taighde meastóireachta, a bhfuil a dtacair féin de shaincheisteanna eiticiúla ag gach ceann acu don cleachtóir-taighdeoir le snáithe choitianta de shaincheist ‘chumhacht’ an taighdeora. Mar shampla, áitíonn McNiff agus Whitehead (2010, lch. 73) go bhfuil “tuairim an tionchair i gcroílár an taighde gníomhaíochta”, toisc gurb í béim an taighde gníomhaíochta daoine eile a spreagadh chun gníomhú ar bhealach éagsúil i dtreo an athraithe pearsanta agus sóisialta trín bhforbairt ar smaointeoireacht chriticiúil. Cé go bhféadfaidh an t-athrú seo a bheith cumhachtach tá impleachtaí aige don taighdeoir toisc go bhfuil sé riachtanach a chinntiú go bhfuil an tionchar oideachasúil agus nach gníomh iallaigh é. Mar sin, i staidéir taighde gníomhaíochta ní mór do thaighdeoirí a bheith athmhachnamh ó thaobh na heitice de, meabhrach agus toilteanach ceisteanna criticiúla a chur orthu féin (Brydon-Miller, 2008; Burton, Brundrett, & Jones, 2008; McNiff & Whitehead, 2010). Molann McNiff agus Whitehead (2010) go bhforbrófaí prionsabail eiticiúla a áiríonn cáipéisí cuí a chruthú amhail ráiteas eitice agus litreacha rochtana; rúndacht eolais, aitheantais agus sonraí a gheallúint; a gheallúint do rannpháirtithe go mbeidh an cead acu tarraingt siar ag am ar bith; iompar gairmiúil agus acadúil a chinntiú; agus ionracas a choinneáil (dílseacht).

Maidir le taighde cás-staidéir, áitíonn McLeod (2010, lch. 54) go mbaineann an chineál seo de dhearadh le “leibhéal níos airde de riosca morálta ná modheolaíochtaí eile”. I gcomparáid le staidéir teiripe ar scála mór, amhail trialacha randamacha ag baint úsáide as ceistneoirí, áit a mbíonn an t-eolas a bhailítear difriúil agus nach bhfuil doimhne ann, áiríonn taighde cás-staidéir scrúdú grinn ar shaol an chliainnt. Le taighde cás-staidéir, ardaítear an riosca go mbeifear ábalta an cliant, baill teaghlaigh agus daoine aitheantais agus institiúidí. Ina theannta sin, cé go mbaineann na saincheisteanna morálta agus eiticiúla i dtaighde cás-staidéir leis an gcliainnt, den chuid is mó, baineann siad freisin leis an teiripeoir/treoirchomhairleoir a bhfuil a c(h)leachtadh á nochtadh. Áitíonn McLeod (2010, lch. 55), má thugtar aird ar shaincheisteanna eiticiúla i gcás-staidéir ceadaítear do “spás morálta a chruthú inar féidir le fiosrú éifeachtach a bheith ann, ina mothaíonn na rannpháirtithe go léir sábháilte go leor leis an gcion is mó a dhéanamh don eolas agus don tuiscint”. A mhalairt is ea cosantacht agus rannpháirtíocht lag ó chách.

Tá a thacar féin de shaincheisteanna morálta agus eiticiúla ag taighde meastóireachta don chleachtóir-taighdeoir. I gcás taighde ‘torthaí’, féadfaidh an bhéim a bheith ar mheasúnú ar nádúr an athraithe do dhaoine i ndiaidh phróiseas idirghabhála amhail treoirchomhairleoireacht, nó measúnú ar luach gníomhaíochta nó seirbhíse gairmiúla (DePoy & Gilson, 2008). Mar sin féin, ó tharla go dtugann meastóireacht an ‘chumhacht’ eimpíreach

chun cláir, seirbhísí agus gníomhaíochtaí idirghabhála gairmiúla a threorú agus a chosaint, is féidir leis a bheith an-pholaitiúil agus conspóideach sa chaoi ina ndéantar é (DePoy & Gilson, 2008; Killeen, 1996). Sa chás ina bhfuil an cleachtóir-taighdeoir treorach ina b(h)all foirne ('taighde an duine istigh'), is féidir le léargas an taighdeora ar an topaic agus na saincheistanna atá i gceist a bheith an-luachmhar, ach ní mór a bheith cúramach ag déileáil le teorainneacha gairmiúla i dtaca le rochtain, sampláil, agus tuairisciú le scoláirí, cliaint, comhghleacaithe agus tuismitheoirí. Molann Burton et al. (2008) i gcúinsí mar sin mach mór breathnú ar an ngníomhaíocht mar thaighde agus ní mar chleachtadh gairmiúil, agus dá bhrí sin nach mór fiosrú cúramach a dhéanamh ar shaincheistanna eiticiúla féideartha agus roghnú na straitéisí cuí chun déileáil leo.

Mar chríoch, tá sé d'acmhainn ag gairmeoirí treorach taighde atá fíor agus luachmhar ó thaobh na gairmiúlachta de a dhéanamh lena gcliaint agus/nó piaraí. Amhail a gcuid oibre mar chúntóirí, ba chóir do thaighdeoirí treorach a bheith iontaofa, ómósach, cumasach agus cuntasach ina gcuid oibre (Culley & Bond, 2011; Havercamp, 2005; IGC, 2011; NCGE, 2008). Mar sin féin, sa tóir ar an 'bhfrinne' agus an chosaint ar chearta agus luachanna na rannpháirtithe taighde, ní mór dearcadh atá meabhrach ó thaobh na heitice de a bheith ag cleachtóirí-taighdeoirí i leith a gcuid taighde trí mheas a bheith acu ar theorainneacha agus freagairt mar is cuí do na saincheistanna eiticiúla atá i gceist (Richardson, 2005). Mar shampla, is féidir fadhb shuntasach eiticiúil a bheith ann i dtaca le *caidrimh dhéacha* áit a bhfuil éagothroime cumhachta idir an cleachtóir-taighdeoir agus an cleachtóir-cliant (Havercamp, 2005). Caithfear machnamh cothrom a dhéanamh faoi agallamh nó breathnú ar chomhghairmeoirí treorach agus piaraí eile faoi dhianchoinníollacha taighde. Ina theannta sin, ní mór sárú teorainneacha a láimhseáil go cúramach, toisc gur féidir leis an líne chaol idir taighde agus idirghabháil éirí doiléir nuair a lorgaíonn cliaint eolas nó cúnaimh san agallamh taighde (Bimrose & Hearne, 2012). Má tá 'eitic cúraim' agus marana ann is féidir dul i ngleic le deacrachtaí agus is féidir próiseas níos cothroime a bheith ann atá tairbheach don dá pháirtí atá páirteach sa phróiseas taighde (Richardson, 2005). Mar sin, ba chóir obair chleachtóra-taighde a bheith á treorú ag tacar de phrionsabail a dhéileálann go sonrach le saincheistanna na hinniúlachta, caidrimh iolracha, dochar a sheachaint, rúndacht agus toiliú feasach.

Rialú Eiticiúil i dTaighde Treorach

Amhail treoirchomhairleoirí, is aíonna iad taighdeoirí treorach i 'spásanna príobháideacha' an domhain agus ní mór dóibh a chinntiú go laghdaítear na rioscaí do rannpháirtithe taighde (Stake, 2005). Tá 'dualgas cúraim' orthu do na páirtithe go léir atá páirteach ina staidéar taighde, agus go háirithe i dtaca leis na rannpháirtithe atá sásta a gcuid ama, fuinnimh agus inniúlacht intleachtúil a chur leis an bpróiseas. Méadaítear an dualgas cúraim seo go suntasach sna cinntí i dtaca le roghanna faoi shampla taighde, i.e. daoine faoi 18 nó os cionn 18, agus nádúr íogaireach thopaic an taighde, mar shampla, míchumas, gnéasacht, bulaíocht, eitneachas, deacrachtaí foghlama, mí-úsáid substaintí. Dá bhrí sin, tá gá le cineál éigin de chleachtas rialaitheach d'fhonn an rannpháirtí, an taighdeoir, agus an institiúid atá páirteach a chosaint.

Aithníonn Cohen et al. (2007) trí leibhéal éagsúla de rialú eiticiúil i gcleachtas taighde: reachtúil, gairmiúil agus pearsanta. Ag an leibhéal reachtúil, b'fhéidir go n-éileoidh staidéar taighde cead eiticiúil ó choiste athbhreithnithe eitice ollscoile agus/nó institiúide eile, a d'fhéadfaí breathnú ar go minic mar bhac atá le sárú, seachas deis le cinnteoireacht a dhéanamh atá iontaofa ó thaobh na heitice de. Tugtar 'eitic ghnásúil' ar an bpróiseas seo freisin. Tá cóid chleachtas cruthaithe ag comhlachtaí agus cumainn ghairmiúla a léiríonn luachanna an ghrúpa gairmiúil agus cuireann siad treoirínnte ar fáil do thaighde atá iontaofa ó

thaobh na heitice de laistigh de dhisciplín ar leith. Is iad seo a leanas roinnt de na comhlachtaí gairmiúla a bhfuil cóid chleachtais a bhaineann le taighde oideachais, síceolaíochta agus treorach: British Educational Research Association (BERA, 2011); British Psychological Society (PSI, 2009); Irish Association for Counselling and Psychotherapy (IACP, 2005); International Association of Educational and Vocational Guidance (IAEVG, 1995); Institiúid na dTreoirchomhairleoirí in Éirinn (IGC, 2012); agus Cumann Síceolaíochta na hÉireann (PSI, 2003). Tá cleachtóirí-taighdeoirí atá ina mbaill d’eagraíochtaí dá leithéid faoi cheangal ag a gcóid chleachtais ar leith agus ní mór dóibh cloí leo sin agus taighde á dhéanamh acu. Féadfaidh na cóid freisin feidhmiú mar phointí tagartha nuair a thagann saincheistean ar leith chun cinn sa phróiseas taighde amhail dualgas cúraim, na leibhéil rúndachta a ghealltar agus comhroinnt sonraí.

Mar sin féin, cé go bhfuil leibhéal áirithe d’aonchineálacht idir na cóid agus treoirlínte gairmiúla seo ní féidir leo ach treoir a sholáthar agus ní féidir leo a rá leis an taighdeoir cad le déanamh i suíomhanna uathúla (Cohen et al., 2011). Áitíonn Simons agus Usher (2000, lch.11), go háirithe, go mbíonn eitic ‘suite’ agus go n-éiríonn siad ó “phraiticiúlacht dhéanamh taighde, an gá le hógairacht i dtaca le comhthéacsanna sochpholaitiúla agus le bheith cothrom do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus éagsúlacht agus uathúlacht na gcleachtais taighde éagsúla a chur san áireamh”. Mar sin, ag an leibhéal pearsanta, tá gá le marana eiticíúil leanúnach agus géarchúis sa chinnteoireacht chun déileáil le saincheistean agus suíomhanna ar leith de réir mar a tharlaíonn siad (Guillemín & Gillam, 2004; Hearne, 2009). Ina theannta sin, is úsáideach an rud é cóid cleachtais pearsanta eiticíúil a chruthú chun feasacht a mhéadú ar cheanglais an taighdeora i leith na rannpháirtithe taighde, cuidiú le “mothálacht iomasach” a fhorbairt nuair atáthar ag déileáil le nithe nach bhfuiltear ag súil leo, agus araíonacht a chur ar obair an taighdeora (Cohen et al., 2011, lch.103). Chun léiriú ar chód eiticíúil a fheiceáil féach Reynolds (1979, in Cohen et al., 2011, lch.103).

Prionsabail Eiticíúla i dTaighde Treorach

D’fhonn déileáil le fadhbanna eiticíúla sa taighde treorach, ba chóir don chleachtóir-taighdeoir machnamh a dhéanamh ar roinnt prionsabail. Sampla d’fhadhb eiticíúil a d’fhéadfadh a bheith ann is ea sa chás inar mian le treoirchomhairleoir togra taighde de chineál meastóireachta a dhéanamh ag déanamh fiosraithe ar chur chuige scoile uile i leith na treoirchomhairleoireachta ina scoil. Cé go dtoilíonn an bhainistíocht leis seo, b’fhéidir go gceapfadh baill foirne eile go bhfuil measúnú á dhéanamh ar a gcuid oibre ag comhghleacaí agus go ndéanfaidh siad iarracht an togra a bhlocáil. B’fhéidir go gcuirfidh an fhadhb seo iallach ar an gcleachtóir athmhachnamha a dhéanamh ar chuspóir agus aidhmeanna an staidéir, a ról agus caidrimh laistigh den scoil, nádúr deonach na rannpháirtíochta, agus an dualgas cúraim i leith na ndaoine sin atá páirteach. Toisc gur próiseas íogaireach é an taighde, is scil riachtanach é an fhadhbbréiteach criticiúil le tagairt do thacar de phrionsabail eiticíúla. Mar sin féin, níl prionsabail eiticíúla absalóideach agus ba chóir iad a léirmhíniú i bhfianaise chomhthéacs an taighde agus luachanna eile atá i gceist (Cohen et al., 2007).

Is iad na ceithre phríomh-phrionsabail eiticíúla a leagtar amach sa *Code of Ethics* de chuid IGC (2012) ná meas ar chearta agus dínit an chliant; inniúlacht; dínit; agus ionracas. Leabaithe laistigh de na ceithre cinn seo tá trí mhír ar leith a bhaineann le taighde:

- 1.1.4 Agus taighde á dhéanamh agat, déan dínit agus folláine na rannpháirtithe taighde a chosaint.

- 3.4.5 Agus taighde á dhéanamh agat, déan gach gníomh réasúnta chun a chinntiú go gcaitheann aon chomhoibrithe le rannpháirtithe ar bhealach eiticíúil.
- 4.1.4 Déan taighde ar bhealach ar ag teacht le gealltanas d'fhiosrú macánta, oscailte, agus cuir in iúl go soiléir aon luachanna pearsanta nó leasa airgeadais a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an taighde.

(IGC, 2012)

Is iad na ceithre phrionsabail eiticíúla mar bhonn do thaighdeoir cleachtóra atá molta ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE, 2008, lch.2) ná “meas ar chearta agus dínit an duine, inniúlacht, freagracht agus ionracas”. Tá an dá thacar seo de phrionsabail ghairmiúla ag teacht leis na cúig phrionsabail eiticíúla taighde a mholann McLeod (2010):

- (i) *Neamhchoirpeacht*
- (ii) *Dea-ghníomhaíocht*
- (iii) *Neamhspleáchas*
- (iv) *Dílseacht*
- (v) *Ceartas*

(i) *Neamhchoirpeacht*: tagraíonn sé seo don choincheap ‘gan dochar ar bith a dhéanamh’ agus laghdú ar an riosca de dhamáiste síceolaíoch, mothúchánach, gairmiúil agus pearsanta (Cohen et al., 2011). Tugtar fadhb an chóimheasa ‘costais/tairbhí’ air seo, rud a shainítear mar an cothromú idir na tairbhí sóisialta ionchasacha a thiofadh ón taighde i gcoinne na gcostas pearsanta do na daoine atá ag glacadh páirt (Frankfort-Nachmias & Nachmias, 1992, in Cohen et al., 2011). Aithníonn Thomas (2009) cúig riosca féideartha:

- Dochar síceolaíoch nó fisiciúil a dhéanamh do rannpháirtithe nó do dhaoine eile;
- Damáiste a dhéanamh do sheasamh nó clú rannpháirtithe nó daoine eile;
- Sárú ar phríobháideacht rannpháirtithe nó daoine eile;
- An dlí a bhriseadh;
- Dochar a dhéanamh do phobal ar bhealach éigin (mar shampla, trí aird a tharraingt ar dhifriochtaí laistigh de).

(Thomas, 2009, lch.152)

Ó tharla nach bhfuil aon absalóidí sa taighde, ní mór do chleachtóirí-taighdeoirí cinní a dhéanamh faoin bpróiseas taighde i gcomhréir lena luachanna pearsanta agus eitic ghairmiúil. Go háirithe, ní mór machnamh a dhéanamh ar thionchar féideartha an phróisis taighde ar an rannpháirtí le linn an bhailiúcháin sonraí agus ina dhiaidh, beag beann ar aois agus cúlra an rannpháirtí. Saincheist eiticíúil ar leith a bhfuil cosúlachtaí aici leis an treoirchomhairleoireacht is ea cosaint phríobháideacht an chliant i gcónaí. Áitíonn McLeod (2003, lch.169) “gur mó an dóchúlacht go gcomhroinnfidh faisnéiseoirí a mhothaíonn sábháilte níos mó eolais fúthu féin” agus molann sé trí straitéis ar leith de dhearadh taighde cuí, toiliú feasach agus caomhnú rúndachta chun dochar do rannpháirtithe a laghdú. Mar atá le hidirghábhálacha treoirchomhairleoireachta, is den ríthábhacht é go n-aithnítear bealaí cuí atreoraithe agus tacaí roimh an mbailiúchán sonraí ar eagla go n-éiríonn rannpháirtithe corraithe le linn na hoibre allamuigh. Is freagracht eiticíúil í i gcroílár ár gcleachtais ghairmiúil a chinntiú nach ndéanfar na daoine sin a mbímid ag plé leo a dhúshaothrú, a dhamáistiú nó a thréigeadh ar thóir an eolais nua.

(ii) *Dea-ghníomhaíocht*: atá nasctha go dlúth le neamhchoirpeacht agus a thagraíonn don tuairim gur chóir do thaighde féachaint freisin le cuidiú le sláinte agus folláine daoine

agus na sochaí (McLeod, 2010). Ní mór don taighde a bheith fiúntach agus luachmhar. Féadfaidh ceisteanna criticiúla éirí i dtaca le cé go díreach a bhainfidh tairbhe as staidéar taighde treorach; an cleachtóir-taighdeoir, an rannpháirtí, an déantóir polasaí, an páirtí leasmhar oideachais, an ghairm treorach i gcoitinne? Áitíonn Cohen et al. (2011) cé go bhféadfaidh an cleachtóir, an eagraíocht nó an comhlacht maoinithe tairbhe a bhaint as na torthaí, b'fhéidir go bhfanfaidh an rannpháirtí nó an daonra gan tadhall, faoi mhíbhuntáiste, gan tacaíocht, agus gan aon feabhsuithe breise ina gcaighdeán beatha. Cé go bhfuil gá go minic le ráiteas um thairbhe ionchasach chun rochtain a fháil ar shuíomhanna bailiúcháin sonraí agus daonraí samplacha, chomh maith le comhlachtaí rialaithe eitice nó maoinitheoirí a shásamh, níor chóir breathnú ar rannpháirtithe mar nithe le húsáid go hionstraimeach, ach mar dhamhnaí a bhfuiltear le caitheamh leo go hómósach (Cohen et al., 2011).

(iii) *Neamhspleáchas*: a thagraíonn do shaoire gníomhaíochta agus saoirse rogha an rannpháirtí taighde chun páirt a ghlacadh i staidéar gan iallach (McLeod, 2010). I gcás na treoirchomhairleoireachta, ní mór do chleachtóirí-taighdeoirí ómós a bheith acu ar “cheart daoine deireadh a chur le rannpháirtíocht sa taighde ag am ar bith, agus a bheith freagrach ar chomharthaí neamhbhriathartha go bhfuiltear ag iarraidh éirí as más rud é go mbíonn deacracht ag daoine mian dá leithéid a chur in iúl ó bhéil” (NCGE, 2008, lch.9). Pléitear le saincheist an neamhspleáchais trí nós imeachta an toilithe feasaigh.

(iv) *Dílseacht*: sa chleachtadh taighde léiríonn sé seo nádúr rúnda agus ómósach an taighde agus an gá le “dílseacht, iontaofacht, fíontacht agus gníomh le hionracas” (McLeod, 2010, lch.56). Ba chóir cuspóir agus cur i bhfeidhm an staidéir taighde a chur in iúl go macánta agus go cruinn, ar bhealach díreach agus oscailte, agus neamh-dhúshaothraithe i dtéarmaí coinbhleachtaí leasa ar bith sna caidrimh ghairmiúla agus phearsanta atá i gceist (NCGE, 2008).

(v) Tugann an cúigiú prionsabal, *ceartas*, le tuiscint nach mór do thaighdeoirí a bheith eolach faoin ngné um cheartas sóisialta dá ngníomhaíochtaí taighde agus aitheantas cuí a thabhairt do ról an taighde chun obair a dhéanamh chun leas ghrúpaí atá faoi chois, ar an imeall nó ina mionlaigh (McLeod, 2010). Mar shampla, má ghlactar le creat modheolaíochta ‘criticiúil’ sa taighde oideachais agus treorach cuirtear ar chumas an taighdeora caidrimh cumhachta a nochtadh agus na héagorthromais atá leabaithe sa tsochaí a léiriú (Hearne, 2011; Rogers, 2004).

Straitéisí don Iompar Eiticiúil i dTaighde Treorach

Dhá ceann de na straitéisí is tábhachtaí maidir le hiompar eiticiúil sa taighde is ea (i) rúndacht a choinneáil agus (ii) toiliú feasach.

Rúndacht a Choinneáil

Féadfar an bunriachtanas daonna den cheart chun príobháideachta a shárú le linn staidéir taighde, nó ina dhiaidh, rud a dhéanann an rannpháirtí “thar a bheith leochaileach” (Cohen et al., 2013, lch.90). Leagann Cohen et al. (2013) an bhéim go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le príobháideacht ná rúndacht toisc go mbaineann sí le ceart an rannpháirtí gan páirt a ghlacadh i gcuid den staidéar taighde nó é go léir. Mar sin, tá sé de dhualgas ar an taighdeoir rannpháirtithe a chur ar an eolas faoina gceart diúltaithe, chomh maith le cead a fháil le páirt a ghlacadh.

Tugann Mertens (2010) sainmhínte soiléire ar dhá théarma atá ríthábhachtach do chosaint rannpháirtithe:

Anaithnideacht: a chiallaíonn nach gceanglaítear aon fhaisnéis aitheantais uathúil leis na sonraí agus mar sin nach féidir le duine ar bith, fiú an taighdeoir, na sonraí a rianú ar ais chuig an duine a sholáthraíonn iad.

Rúndacht: a chiallaíonn go gcosnófar príobháideacht daoine toisc go ndéanfar na sonraí a sholáthraíonn siad a láimhseáil agus a thuairisciú ar bhealach nach féidir iad a bheith nasctha leo go pearsanta.

(Mertens, 2010, lch.342)

Má chaomhnaítear anaithnideacht trí gan ainmneacha nó aon fhaisnéis phearsanta eile faoi rannpháirtithe a úsáid, cinntítear rúndacht a n-aitheantas. Is é an bealach is coitianta chun é seo a dhéanamh ná úsáid a bhaint as ainmneacha bréige, cóid chun daoine a aithint agus comhaid atá cosanta le pasfhocail. Cé go bhféadfadh sé a bheith níos éasca anaithnideacht a gheallúint i ndearadh ceistneoirí (Cohen et al., 2013; Thomas, 2009) ní féidir a bheith ag súil leis seo in agallaimh phearsanta (Cohen et al., 2013). Áitíonn Cohen et al. (2013) gurb é an rud is fearr gur féidir leis an taighdeoir a dhéanamh ná “rúndacht a ghealladh” (lch.91).

Aibhsíonn an eitic d’ómós ar neamhspleáchas cliant an tábhacht atá le comhoibriú agus idirbheartaíocht leis an gcliant i gcinntí faoi rúndacht (Kidd, 2006; NCGE, 2008). Is cleachtas caighdeánach é rannpháirtithe a chur ar an eolas faoin gcaoi ina ndéanfar faisnéis a stóráil agus a scrios (McLeod, 2010). Tá sé tábhachtach freisin a rá leo faoi theorainneacha na rúndachta, go háirithe i réimsí taighde atá íogaireach ó thaobh na heitice de, áit nach féidir rúndacht a ghealladh go huathfheidhmeach. Mar a deir Cohen et al. (2011, lch.92) “dá íogairí, dá phearsanta nó dá mhíchlúmhaire an fhaisnéis, is ea is mó an dualgas ar an taighdeoir a dhéanamh cinnte go gcuirtear gealltanais rúndachta i bhfeidhm i mbrí agus i bhfuarlitir. Ní mór gealltanais a choinneáil”.

Toiliú feasach

Is éard atá i gceist le toiliú feasach a fháil ná eolas iomchuí a sholáthar maidir le cuspóir an taighde, toilteanacht an chliant, agus nádúr na rúndachta (McLeod, 2003). Ina theannta sin, mar thoradh ar róil dhéacha an chleachtóra-taighdeora, ba chóir gach gníomh réasúnta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaightear toiliú ó na rannpháirtithe go léir gan brú nó iallach neamhchuí (NCGE, 2008). Cuireann Thomas (2009) idirdhealú ar fáil idir toiliú *roghnach* agus toiliú *intuigthe*. Baineann an chéad cheann leis an rogha gníomhach maidir le bheith páirteach sa staidéar tríd an gcleachtas caighdeánach de thoiliú a fháil roimh ré trí bhileog eolais agus foirm toilithe shínithe. De ghnáth sonraíonn an bhileog eolais aidhm an staidéir, cad atáthar ag iarraidh ar an duine a dhéanamh, na rioscaí féideartha de pháirt a ghlacadh, conas a stórálfar na sonraí, paraiméadair na rúndachta, cé leo ba chóir teagmháil a dhéanamh le haghaidh tuilleadh faisnéise, agus cé a thug cead eiticiúil don staidéar. i gcodarsnacht leis sin, le toiliú intuigthe, insítear le rannpháirtithe faoin taighde agus glactar leis go bhfuil toiliú tugtha acu ach amháin má deir siad a mhalairt. Mar sin féin, mar shampla, i staidéar scoilbhunaithe ina dtugtar litir eolais do scoláirí agus/nó tuismitheoirí/caomhnóirí, ba ghá é seo a chur in iúl go soiléir ar an mbileog eolais (Thomas, 2009). Ní mór machnamh cúramach a dhéanamh faoin gcinneadh le ceachtar de na roghanna seo a úsáid i dtéarmaí leibhéal an riosca a bhaineann leis an staidéar.

Tá tábhacht ar leith le saincheisteanna toilithe nuair a bhíonn taighde á dhéanamh le leanaí (faoi bhun 18 mbliana d’aois). Tagraíonn Thomas (2009) d’eagothroime na cumhachta idir an taighdeoir agus an leanbh sa chaidreamh. D’fhonn ómós a thabhairt do dhínt an linbh, molann roinnt daoine gur chóir toiliú a fháil ón leanbh chomh maith leis an tuismitheoir/caomhnóir (Danby & Farrell, 2005; Phelan & Kinsella, 2013). Mar sin féin, is féidir leis seo a bheith casta agus éilíonn sé go dtabharfar eolas soiléir don leanbh maidir le cuspóir an staidéir agus rannpháirtíocht an linbh atá in oiriúint d’aois an linbh agus intuigthe

go héasca (Phelan & Kinsella, 2013). Mar chríoch, i dtaca le taighde oideachais agus treorach atá scoilbhunaithe, tugann Morrow (2005) foláireamh nár chóir don taighdeoir glacadh leis, toisc go dtarlaíonn an taighde sa scoil ina bhféadfaí breathnú ar leanaí mar “‘ábhair’ scolaíochta”, go bhfuil sampla faoi chuing ag an taighdeoir. Fiú más rud é go bhfuil comhaontú tugtha ag bainistíocht na scoile, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, níor chóir go nglacfaí leis go bhfuil toiliú tugtha ag an leanbh aonair le bheith páirteach.

Conclúid

Mar chríoch, tá plé déanta san alt seo ar roinnt de na príomh-shaincheisteanna, prionsabail agus straitéisí a bhaineann le taighde treoirchomhairleoireachta. Sa chleachtadh gairmiúil, tá dualgas morálta ar threoirchomhairleoirí príobháideacht na gcliant atá faoina gcúram a chosaint agus a chaomhnú. Féadfar an dualgas cúraim seo a leathnú chuig taighde cleachtóir-bunaithe áit a bhfuil fadhbanna agus buairteanna eiticiúla ina gcuid den iarracht taighde. Trí dhearcadh a fhorbairt atá meabhrach ó thaobh na heitice de a áiríonn íogaireacht, smaointeoireacht chriticiúil agus inniúlacht taighde is féidir fadhbanna dá leithéid a sheachaint agus, ar an gcaoi sin, cosaint a thabhairt do na rannpháirtithe atá páirteach agus d’iontaofacht an taighdeora treorach.

Seicliosta

Do chleachtóirí-taighdeoirí atá páirteach i taighde, d’fhéadfadh na ceisteanna athmhachnamhacha seo a leanas a bheith ina dtreoir úsáideach:

- Cén dearcadh atá ag mo scoil/eagraíocht ar thaighde?
- An bhfuil polasaí ag an scoil/eagraíocht i dtaca le taighde a dhéanamh?
- An bhfuil cead eiticiúil de dhíth orm sula dtosaím ar an taighde?
- Cad is mian liom a fháil amach i mo thaighde?
- Cad a dhéanfaidh mé le torthaí an taighde?
- Cé a bhainfidh tairbhe as mo thaighde?
- Cad iad na rioscaí don na rannpháirtithe atá páirteach?
- Cad iad na rioscaí domsa, an cleachtóir-taighdeoir?
- Cad iad na rioscaí don suíomh taighde (e.g. scoil, coláiste)?
- An féidir liom rúndacht iomlán a ghealladh do na rannpháirtithe?
- Conas a stórálfar na sonraí?
- Conas agus cén áit a scaipfear na torthaí?

Beathaisnéis

Tá an Dr. Lucy Hearne ina Léachtóir agus ina Stiúrthóir Cláir ar an Diplóma Iarchéime sa Treoirchomhairleoireacht agus an MA sa Treoirchomhairleoireacht agus Forbairt Saoil i Roinn an Oideachais agus Staidéar Gairmiúil, Ollscoil Luimnigh. Fuair sí Scoláireacht na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) sa bhliain 2006 agus gradam taighde IRCHSS in 2011.

Tagarthaí

- Bimrose, J., & Hearne, L. (2012). Resilience and Career Adaptability: Qualitative Studies of Adult Career Counseling. *Journal of Vocational Behaviour, 81*, 338-344.
- Brydon-Miller, M. (2008). Ethics and Action Research: Deepening our Commitment to Principles of Social Justice and Redefining Systems of Democratic Practice. In P. Reason & H. Bradbury (Eds.) *The SAGE Handbook of Action Research; Participative Inquiry and Practice, 2nd edn.* (pp. 199-210). London, England: Sage.
- Burton, N., Brundrett, M., & Jones, M. (2008). *Doing Your Education Research Project.* London, England: Sage.
- CEDEFOP (2011). *Lifelong Guidance across Europe: reviewing policy progress and future prospects. Working Paper No. 11* Retrieved from: http://www.cedefop.europa.eu/EN/Files/6111_en.pdf
- Cohen, L., Manion, L., & Morrison, K. (2007). *Research Methods in Education, 6th edn.* Abingdon, Oxon, England: Routledge.
- Cohen, L., Manion, L., & Morrison, K. (2011). *Research Methods in Education, 7th edn.* Abingdon, Oxon, England: Routledge.
- Culley, S., & Bond, T. (2011) *Integrative Counselling Skills in Action, 3rd edn.* London, England: Sage.
- Danby, S., & Farrell, A. (2005). Opening the research conversation. In A. Farrell (Ed.) *Ethical Research with Children* (pp. 49-67). Maidenhead, England: Open University Press.
- Denzin, N. K., & Lincoln, Y. S., eds. (2008). *The Landscape of Qualitative Research, 3rd edn.* Thousand Oaks, CA: Sage.
- DePoy, E., & Gilson, S. (2008). *Evaluation Practice.* New York: Routledge
- Guillemin, M., & Gillam, L. (2004). Ethics, reflexivity and 'ethically important moments' in research. *Qualitative Inquiry, 10*, 261-280. doi: 10.1177/1077800403262360
- Haverkamp, B.E. (2005). Ethical Perspectives on Qualitative Research in Applied Psychology. *Journal of Counselling Psychology, 52* (2), 146-155. doi: 10.1037/0022-0167.52.2.146
- Hearne, L. (2009). *Towards an Understanding of the Measurement of Progression in Adult Guidance*, unpublished thesis (PhD). Waterford Institute of Technology.
- Hearne, L. (2011). A social justice perspective to the measurement of individual progression in lifelong guidance. *Constructing the Future; Diversity, Inclusion and Social Justice, Journal 6*, Institute of Career Guidance, United Kingdom.

- Kidd, J.M. (2006). *Understanding Career Counselling, Theory, Research and Practice*. London, England: Sage
- Killeen, J. (1996). Evaluation. In A.G. Watts, B. Law, J. Killeen, J.M.. Kidd, & R. Hawthorn, *Rethinking Careers Education and Guidance; Theory, Policy and Practice* (pp. 331-348). London, England: Routledge.
- Institute of Guidance Counsellors (2012). Code of Ethics of the Institute of Guidance Counsellors. Faighte ó: <http://www.igc.ie/About-Us/Code-Of-Ethics>
- McLeod, J. (2003). *Doing Counselling Research*, 2nd ed. London, England: Sage.
- McLeod, J. (2010). *Case Study Research in Counselling and Psychotherapy*. London, England: Sage.
- McNiff, J., & Whitehead, J. (2010). *You and Your Action Research Project*, 3rd edn. Abingdon, Oxon, England: Routledge.
- Mertens, D.A. (2010). *Research and Evaluation in Education and Psychology; Integrating Diversity with Quantitative, Qualitative, and Mixed Methods*. Thousand Oaks, CA: Sage.
- Morrow, V. (2005). Ethical issues in collaborative research with children. In A. Farrell (Ed.) *Ethical Research with Children* (pp. 150-165). Maidenhead: Open University Press.
- National Centre for Guidance in Education (2008). *Research Code of Ethics*. Dublin, Ireland: NCGE.
- Neary, S., & Hutchinson, J. (2009). More questions than answers: the role of practitioner research in professional practice. *Constructing the Future: Career Guidance for Changing Contexts, Institute of Career Guidance, Journal No.1*, 42-50.
- Organisation of Economic Co-Operation & Development (2004). *Career Guidance and Public Policy: Bridging the Gap*. Retrieved from: <http://www.oecd.org/education/country-studies/34050171>.
- Phelan, S.K., & Kinsella, E. A. (2013). Picture This...Safety, Dignity, and Voice—Ethical Research With Children: Practical Considerations for the Reflexive Researcher. *Qualitative Inquiry*, 19(2), 81-90. doi: 10.1177/1077800412462987.
- Richardson, M.S. (2005). *Implications of the Paradigms of Constructivism and Social Constructionism: A Challenge to Traditional Boundaries between Research and Intervention*. Paper presented at a symposium on Constructivism and Vocational Psychology at the Society for Vocational Psychology's 7th Biennial Conference, Vancouver, British Columbia, June 2.
- Robson, C. (2002). *Real World Research; A Resource for Social Scientists and Practitioner-Researchers*, 2nd edn. Malden, MA: Blackwell Publishing.
- Robson, M., Cook, P., Hunty, K., Alfred, G., & Robson, D. (2000). Towards ethical decision-making in counselling research. *British Journal of Guidance & Counselling*, 28 (4), 533-547. doi:10.1080/713652317

Rogers, R. (2004) An Introduction to Critical Discourse Analysis. In R. Rogers (Ed.) *An Introduction to Critical Discourse Analysis in Education*. Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.

Simons, H., & Usher, R. (Eds) (2000). *Situated Ethics in Educational Research*. London, England: RoutledgeFalmer.

Singer, P. (1993). *A Companion to Ethics*. Malden, MA: Blackwell Publishing Ltd.

Stake, R.E. (2005). Qualitative Case Studies. In N.K. Denzin, & Y.S. Lincoln (Eds.) *The Sage Handbook of Qualitative Research*. 3rd ed. (pp. 344-366) Thousand Oaks, CA: Sage.

Swain, R. (2006). Integration of Ethics and Practice. In E. O'Leary, & M. Murphy *New approaches to integration in psychotherapy* (pp. 192-204). London, England: Routledge.

Thomas, G. (2009). *How to do Your Research Project; A Guide for Students in Education & Applied Social Sciences*. London, England: Sage.